



Bí ag caint

Céard a fheiceann tú sa phictiúr?

Ar thug tusa cuairt ar Dhaidí na Nollag riamh?

An scríobhann tú litir chuig Daidí na Nollag?

Bí ag léamh

Léigh an dán seo agus déan pictiúir de na rudaí a theastaíonn ón bpáiste seo don Nollaig.

Litir chuig Daidí na Nollag

*A Dhaidí na Nollag
A chara mo chroí
Led' thoil, léigh mo litir
Is éist le mo ghuí.*

*Ba bhreá liom liathróid
Agus teidí beag buí
Is más féidir (don pheil)
Péire buataisí*

*Beidh mo stoca
Ar crochadh sa seomra suí
In aice leis fágfaidh mé
Bainne 's brioscaí*

*A Dhaidí na Nollag
A chara mo chroí
Led' thoil, léigh mo litir
Is éist le mo ghuí.*

Áine Ní Ghlinn


Bí ag éisteacht

Éist leis an amhrán *Litir Chuig Santaí* (á chanadh ag Róisín Elsafty) ar an ndlúthdhiosca *Amhráin na Nollag* nó ar YouTube


Céard iad na bréagáin atá ag teastáil ón bpáiste san amhrán seo (dó féin, dá dheirfiúracha agus dá dheartháir óg)?

Déan pictiúr de gach bréagán.


A dheirfiúracha:



A dheartháir:




É féin:



Céard ba mhaith leatsa ó Dhaidí na Nollag?


Déan pictiúr




An bhfágfaidh tú deoch nó bia do Dhaidí na Nollag nó do na réinfhianna?

Déan pictiúr

Do Dhaidí na Nollag



Do na réinfhianna



©Jennifer Farley

(ón leabhar *Bliain na nAmhrán* le Tadhg Mac Dhonnagáin (*Futa Fata*))



Bí ag smaoineamh agus ag caint

Céard a fheiceann tú sa phictiúr?
Cé mhéad páiste a fheiceann tú sa phictiúr?
Céard atá á dhéanamh acu?
Cé mhéad ainmhí atá sa phictiúr?
Cá bhfuil siad? Céard atá á dhéanamh acu?

Cén dath atá ar na héadaí atá ar an bhfear sneachta?
An maith leatsa an sneachta?
Céard a dhéanann tú nuair a bhíonn sé ag cur sneachta?

Bí ag léamh

Léigh an dán *Sneachta ag Titim*
agus déan pictiúr le dul leis

Sneachta ag Titim

*Sneachta ag titim
Hip Hip Huiré
Sneachta geal, bán
Sneachta geal, glé*


*Cá bhfuil mo chóta
Is mo lámhainní?
Amach linn anois
Bímis ag spraoi*

Áine Ní Ghlinn

Léigh an scéal seo. Cuir pictiúir leis agus críochnaigh an scéal ...

An Fear Sneachta


Is fear sneachta mé.
Táim i mo sheasamh anseo sa ghairdín.
Rinne na páistí mé. Bhí an-spraoi agam
leo ar feadh cúpla uair an chloig..



Ach anois tá na páistí imithe a luí. Táim
anseo liom féin sa ghairdín. Tá uaigneas
orm agus tá an-bhrón orm. Ní féidir liom
rith. Ní féidir liom siúl. Ní féidir liom rud
ar bith a dhéanamh.



Fan! Tá duine éigin ag teacht.
Sióg! Tá sí ag teacht isteach sa ghairdín.
Tá sí ag eitilt trasna chugam.
Tá slaitín draíochta aici.
Croitheann sí í.
Fuíss. Fuíss.



Tá cosa agam. Agus lámha.
Táim beo. Táim chomh sásta.
Is féidir liom siúl. Is féidir liom rith.
Ach tá ocras orm. Caithfidh mé bia a fháil ...



Críochnaigh an scéal le focail agus/nó le pictiúir